

## **Óráid leis an Aire Kehoe um sheoladh an Fheachtas ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh ‘ 2016 – 2017**

Mar Chathaoirleach Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, tá an-áthas orm a bheith anseo inniu in éineacht le mo chuid Comh-Airí chun feachtas ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ 2016/17 a sheoladh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht na Ranna agus na nGníomhaireachtaí Rialtais ábhartha atá i láthair, chomh maith le hionadaithe na n-oibreoirí iompair éagsúla agus gníomhaireachtaí lárnacha eile a tháinig le chéile chun tacú le seoladh an fheachtais inniu.

Tá an feachtas ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ ceaptha chun comhairle a chur ar an bpobal faoi na dúshlán áirithe a fhéadann a theacht chun cinn le linn an gheimhridh. San fheachtas leagtar béim ar an gcur chuige ‘Uile-Rialtais’ atá á ghlacadh i dtreo ullmhúchán don gheimhreadh agus cuirtear an pobal ar a n-eolas faoina bhfuil ar siúl sa réimse sin agus faoi na háiteanna inar féidir leo eolas a fháil. Is imeacht bhliantúil fhadseasmach í seo anois a mbíonn tionchar aici ar an tseirbhís phoiblí iomlán. Le seoladh an fheachtas ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ cuirtear tús le tréimhse a fhéadann a bheith an-dúshlánach do go leor daoine, lucht na seirbhísí éigeandála san áireamh. Tugann sé deis dúinn cuimhneamh ar rudaí agus smaoineamh faoin méid atá bainte amach againn i dteannta a chéile. Beidh mo chuid Comh-Airí ag labhairt libh faoi thoradh na hoibre suntasaí a rinneadh ó thaobh tuilte ina gcuid Ranna féin agus ar fud ranna chomh maith.

Is cuí go ndírítear ar Thuilte agus Thiomáint Shábháilte san fheachtas ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ i mbliana. I gcomhpháirt lena gcuid comhghleacaithe san OPW agus san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, tá bileog faoin dá hábhar déanta ag lucht na hOifige um Pleanáil Éigeandála. Tá an dá bhileog ar fáil ar an láithreán gréasáin [winterready.ie](http://winterready.ie).

Mar is eol daoibh táimid díreach tar éis cruinniú a reáchtáil de Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, inar pléadh ullmhacht don gheimhreadh. Tá treoir chuimsitheach faighte againn ó gach Roinn agus Gníomhaireacht Rialtais ábhartha. Is é ról Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála ná tacú le comhordú ar fud sheirbhísí an Rialtais agus iad ag ullmhú i gcomhair éigeandálaí. Tá an feachtas seo á sheoladh ag mo chuid comh-Airí agus agam féin i dteannta a chéile agus béim a leagan ar an gcur chuige comhordaithe a cuireadh i bhfeidhm le blianta beaga anuas. Táimid tiomanta chun leanúint ar aghaidh leis an gcur chuige sin i dtreo ár

gcuid teacht aniar ar fud na tíre a fhorbairt i rith an gheimhridh go ginearálta ach go háirithe le linn imeachtaí aimsire crua a d'fhéadfadh a tharlú. Tugann sé seo deis do lucht na Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha, i dteannta le hoibreoirí iompair, fónas agus seirbhísí eile, teacht le chéile. Cuireann sé sin fóram ar fáil le haghaidh comhairle agus eolais faoinár gcomhullmhacht le haghaidh mhíonna an gheimhridh atá romhainn agus faoi conas is féidir leis an bpobal leas a bhaint as an eolas sin.

Agus muid ag ullmhú do sheoladh na bliana seo, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le daoine aonair, grúpaí pobail agus leis na seirbhísí éigeandála deonacha as an gcúnamh riachtanach a thugann siad le linn an gheimhridh agus go háirithe le linn tréimhsí d'aimsir chrua, do na daoine leochaileacha inár gcuid pobal ach go háirithe. Fachtóir lárnach fós maidir le déileáil le drochthionchair ó aimsir chrua é pleananna dea-ullmhaithe agus ullmhúcháin a bheith i bhfeidhm inár gcuid pobal áitiúil chun cinntiú go mbeimid dianseasmhach ar chúinsí den sórt sin. Tá teacht aniar pobal ríthábhachtach chun dul i ngleic le haimsir chrua agus le móréigeandálaí eile. Bíonn na seirbhísí aimsire ag brath go mór ar an spiorad pobail atá i réim ar fud na hÉireann chun cabhrú leo lena gcuid oibre agus táthar fíorbhuíoch as.

Níl aon amhras ach go gcuireann aimsir chrua brú ar ár gcuid acmhainní agus ar ár gcumas leanúint ar aghaidh le gnáthghníomhaíochtaí. Léiríodh sé sin go soiléir i rith na dtuile troma an geimhreadh seo caite. Creidim, áfach, trí bheith ullamh agus trí hoibriú le chéile ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, gur féidir linn go léir bheith níos dianseasmhaí agus an cur isteach ar ár saol de thoradh imeachtaí den sórt sin a mhaolú.

Ceann de na gnéithe ba shuntasáí den éigeandáil aimsire crua an geimhreadh seo caite ná a fhaide is a mhair sé, agus tuilte fós le feiceáil i roinnt ceantar suas go hAibreán 2016 agus go deimhin níos deireanaí ná sin i roinnt ceantar. Toisc gur tionóladh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (GNCE) roimh Stoirm Desmond, agus go raibh níos mó na tríocha cruinniú acu, bhíodhas in ann freagairt thapa a thabhairt nuair a tharla na tuilte.

Tá feabhas mór déanta ar an láithreán gréasáin agus an leabhrán 'Bí Ullamh don Gheimhreadh'. I dteannta leis na naisc le láithreáin ghréasáin eile, tógann siad le chéile an fhaisnéis ábhartha go léir ar bhealach comhordaithe. Mar sin ba mhaith liom iarraidh oraibh go léir roinnt ama a chaitheamh ag féachaint ar na láithreáin ghréasáin sin agus an leabhrán a léamh.

Ina theannta sin beidh an Oifig um Pleanáil Éigeandála ag tvuíteáil go rialta le linn an gheimhridh chur leis an láithreán gréasáin ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ agus leis an gcomhairle atá á heisiúint le linn imeachtaí áirithe. Is féidir an cuntas twitter a leanúint ar **@emergencyIE** agus moltar don phobal páirt a ghlacadh sa chomhrá ag **#bewinterready**.

Inniu, táim ag lorg cúnaimh ó na meáin chumarsáide chun teachtaireacht an fheachtais a chur in iúl don phobal. Tá an príomhtheachttaireacht simplí fós, bí ullamh, coimeád slán, bíodh a fhios agat cá háit ar féidir leat cabhair a fháil má tá sí ag teastáil uait agus tabhair cabhair do dhaoine eile más féidir.

Chun é a rá ar bhealach eile ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’.

Go raibh maith agaibh.

**Paul Kehoe T.D.**

**Cathaoirleach Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála  
agus an tAire ar a bhfuil Freagracht as Cosaint**